Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Athmhachnamh agus Athnuachan:

## *An Idirbhliain a Ghlacadh Chugainn Féin*

CC BY NC

Oide

# Sceideal an Lae

| | |
|---|---|
| **Seisiún 1**<br>**9:30 - 11:00** | **Aidhmeanna agus Réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana** |

**Am Sosa 11:00 - 11:15**

| | |
|---|---|
| **Seisiún 2**<br>**11:15 - 1:00** | **Iniúchadh ar Ghnéithe Curaclaim** |

**Am Lóin 1:00 - 2:00**

| | |
|---|---|
| **Seisiún 3**<br>**2:00 - 3:30** | **Iniúchadh ar Ghnéithe Scoláire** |

# Gníomhaíocht: Cur in Aithne

Cé acu ab fhearr leat?

# Gníomhaíocht: Cur in Aithne

Cé acu ab fhearr leat?



**Nó**



Tumadóireacht Scúba

Spéirthumadóireacht

# Gníomhaíocht: Cur in Aithne

Cé acu ab fhearr leat?



Spéirthumadóireacht

**Nó**



Réalta Spóirt

# Gníomhaíocht: Cur in Aithne

Cé acu ab fhearr leat?



Réalta Spóirt

Nó



Príomhaisteoir i gCeoldráma

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gníomhaíocht: Cur in Aithne

Cé acu ab fhearr leat?



Príomhaisteoir i gCeoldráma

**Nó**



Beachaireacht

# Gníomhaíocht: Cur in Aithne

Cé acu ab fhearr leat?



Beachaireacht

**Nó**



Foghlaim faoi Spás

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Aidhmeanna agus Réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana

## Seisiún 1

CC BY NC

# Intinní Foghlama an tSeisiúin




Deiseanna a fhiosrú chun aidhmeanna agus réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana (RCIB) a bhaint amach inár gcomhthéacs féin

# Fócas an tseisiúin

- Réamhrá ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana.
- Iniúchadh a dhéanamh ar Aidhmeanna Ráiteas an Chláir Idirbhliana.
- Comhthéacs do scoil féin a thabhairt san áireamh i dteannta Réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana.
- Pléigh slite a bhféadfadh Croí-fhoireann tacú le Clár na hIdirbhliana i do Scoil.

# Nóta Faisnéise


An Roinn Oideachais
Department of Education

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí
Nóta faisnéise do scoileanna
Meán Fómhair 2024, Eagrán 6

## Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

D'fhaomh an tAire agus an Roinn Oideachais Ráiteas Chlár na hIdirbhliana.

Le linn na scoilbhliana 2024/25, beidh deis ag gach scoil iniúchadh a dhéanamh ar a dtairiscint reatha don Idirbhliain agus é a athbhreithniú nuair is gá de réir an Ráitis Cláir a fhoilseofar go luath.

Tabharfaidh Cigireacht na Roinne tacaíocht agus comhairle do scoileanna ina leith seo le linn na scoilbhliana 2024/25 agus beidh rannpháirtíochtaí na Cigireachta ag léiriú an méid seo.


# Prionsabail Threoracha na Sraithe Sinsearaí

| | |
|---|---|
| Folláine agus caidreamh | Rogha agus solúbthacht |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht | Leanúnachas agus aistrithe |
| Dúshláin, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht | Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Foghlaim conas foghlaim, foghlaim don saol | Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochta |

# Príomhscileanna go Príomhinniúlachtaí






# Ráiteas an Chláir Idirbhliana

**Gnéithe Scoláire**

- Fás Pearsanta
- A bheith i do fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme




**Gnéithe Curaclaim:**


- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan

# Aidhmeanna Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Oide


1. forbairt an scoláire mar dhuine iomlán a chothú trí bheith ag forbairt ar réamhthaithí, trí churaclam a bheadh deartha ag an scoil agus é ailínithe le Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

2. spás agus deiseanna a chruthú le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha trínar féidir príomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt sa seomra ranga agus ar scoil, sa bhaile agus ina ról mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda.




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch.8)

# Aidhmeanna Ráiteas an Chláir Idirbhliana




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch.8)


3. taithí agus feasacht an scoláire ar chonairí éagsúla todhchaí a leathnú agus acmhainneacht an scoláire a fhás féin agus a fhorbairt féin a chothabháil, trí phróiseas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, a chothú.

4. é a bheith ag éabhlóidiú ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire trí phróiseas machnaimh agus athnuachana a chuimseodh an scoláire, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus comhpháirtithe pobail.

# Ráiteas an Chláir Idirbhliana

**Gnéithe Scoláire**

- Fás Pearsanta
- A bheith i do fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme




**Gnéithe Curaclaim:**

- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan

# Gnéithe Curaclaim

**Gnéithe Curaclaim:**

- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan



# Gnéithe Scoláire













**Gnéithe Scoláire**

- Fás Pearsanta
- A bheith i do fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme

# Gnéithe Curaclaim
# Gnéithe Scoláire





# Guth an Scoláire
# Cur síos ar IB

Cén focal, a úsáidfeá, a dhéanfadh an cur síos is oiriúnaí ar Chlár na hIdirbhliana i do scoil?



# Réasúnaíocht ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Oide

‘Mar chlár aonair laistigh de thaithí na sraithe sinsearaí, soláthraíonn an clár IB deis uathúil, áit a bhféadann scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo.’

‘Tá clár atá ag teacht le Ráiteas an Chláir Idirbhliana ionchuimsitheach agus cuimsítear an ilchineálacht ann; éascaítear braistint fionnachtana ann.’

‘…nuálaíocht scoil-threoraithe a chothú; rochtain chothromasach a chur chun cinn; agus eispéiris bhunathraitheacha a chur ar fáil do dhaoine óga a mbeidh siad ábalta tarraingt orthu ar feadh na sraithe sinsearaí agus amach anseo ina saol todhchaí.’

‘Cuireann rannpháirtíocht IB le foghlaim, forbairt agus fás pearsanta leanúnach an scoláire. Tacaítear le gach uile scoláire ar feadh na IB le forbairt ina ndaoine níos oiriúnaithí comhbháiche inniúla athléimní.’

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 7)

Oide

# Comhoibriú

**Comhghleacaithe Scoile**



**Grúpa**



**Mórghrúpa**



Oide


# Gníomhaíocht: Muileata a Naoi

Ag smaoineamh ar chomhthéacs do scoile féin agus ar do scoláirí reatha Idirbhliana, cuir in ord tosaíochta na gnéithe liostaithe de Réasúnaíocht RCIB.

**Comhghleacaithe Scoile**



**Grúpa**




**Mórghrúpa**



# Gníomhaíocht: Muileata a Naoi

## Ag ailíniú le réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana




https://tinyurl.com/IB2024M9

### Sórtáil na naoi ngné thíos de Ráiteas Cláir na hIdirbhliana in ord tábhachta reatha do do scoil:

- comhoibriú idir an scoil agus an pobal
- taithí oideachais taitneamhach, saibhir agus suntasach
- roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh sa tsraith shinsearach agus ina dhiaidh
- ina ghníomhaire gníomhach i dtaca lena thaithí oideachais féin a dhearadh.
- nuálaíocht scoil-threoraithe
- eispéiris bhunathraitheacha
- príomhinniúlachtaí a fhorbairt
- braistint fionnachtana a éascú



**Comhghleacaithe Scoile**




lch 5

# Athmhachnamh agus Athnuachan

**Comhghleacaithe Scoile**



**Cad?**


- Cad atá idir lámha san Idirbhliain, i do scoil, a léiríonn réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana?

**Cén tionchar?**

- Cad atá le hathrú nó forbairt chun Ráiteas an Chláir Idirbhliana a athailíniú?

**Anois cad?**

- Cén ghníomhaíochtaí atá le déanamh ag dul ar aghaidh?


Oide

Athmhachnamh agus Athnuachan:

An Idirbhliain a Ghlacadh Chugainn Féin


Dialann Mhachnamhach 2024-2025

lch 6

Rolfe, Freshwater, & Jasper 'What' Model (2001)

# Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022


‘Spreagann an príomhoide obair bhuíne i ngach gné de shaol na scoile. Cruthaíonn agus spreagann an príomhoide meithleacha foirne agus grúpaí oibre chun forbairtí i bpríomhréimsí a threorú, ag tógáil cumas ceannaireachta dá réir.’ lch 42




‘cuireann siad (Ceannairí scoile) cultúr athmhachnaimh, feabhsúcháin, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú chun cinn.’ lch 25

‘Féachann múinteoirí ar chomhoibriú mar mhodh chun foghlaim na scoláirí a fheabhsú agus chun a bhfoghlaim ghairmiúil féin a fheabhsú freisin.’ lch 33

# Croí-Fhoireann




“Is fearr a oibríonn comhordú na IB trí Chroífhoireann IB, faoi stiúir an Chomhordaitheora IB, a d’eascródh as cultúr a bheadh i réim ar fud na scoile mar a mbeadh meas ar nuálaíocht, buanna agus saineolas an mhúinteora.."

“Bíonn an Chroífhoireann IB ag comhoibriú chun na heispéiris a fheabhsú don scoláire ar feadh an chláir trí chéile.."

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 8)


# Croí-Fhoireann – Tobsmaointeoireacht

**Grúpa**



Déan plé ar na slite go mbeadh Croí-Fhoireann in ann tacú le Clár Idirbhliana.

IdeaBoardz





Lch 7

# Croí-Fhoireann– Plé

**Grúpa**

Cad iad na ghníomhaíochtaí a d'fhéadfá tabhairt fúthu chun tacú le Croí-Fhoireann i dtreo Clár na hIdirbhliana a ailíniú le Ráiteas an Chláir Idirbhliana?


Oide

Athmhachnamh agus Athnuachan:

An Idirbhliain a Ghlacadh Chugainn Féin

Dialann Mhachnamhach 2024-2025

lch 7

# Intinní Foghlama an tSeisiúin

**Deis a thógáil chun Aidhmeanna agus Réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana a iniúchadh in ár gComhthéacs féin.**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Iniúchadh ar Ghnéithe Curaclaim

## Seisiún 2

CC BY NC

# Intinní Foghlama an tSeisiúin



**Machnamh ar an gcaoi ar féidir le gnéithe curaclaim tacú le heispéiris fhiúntacha foghlaimeoirí.**

# Fócas an tseisiúin


Oide

- Iniúchadh ar Ghnéithe Curaclaim.
- Machnamh ar conas a thacódh Gnéithe Curaclaim le heispéiris scoláire suntasacha.
- Athbhreithniú ar Chleachtas Comhchoiteann éifeachtach i gClár na hIdirbhliana I do scoil féin.
- Léirmheas ar dheiseanna atá ann gnóthachtálacha na ndaltaí a aithint agus a cheiliúradh i gClár na hIdirbhliana i do scoil.

# Ráiteas an Chláir Idirbhliana

**Gnéithe Scoláire**


- Fás Pearsanta
- A bheith i do fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme




**Gnéithe Curaclaim:**

- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan

# Físeán Forléargais



# Gnéithe Curaclaim

Oide

**Comhpháirteanna**

- Le teaglaim den fhoghlaim leanúnach i roinnt ábhar, blaiseadh ábhair, modúil don IB amháin agus comhpháirteanna eile, cuirtear ar fáil tacar cothrom leathan d'eispéiris lena gcuimsítear na Gnéithe Scoláire.

**Teagasc agus Measúnú**

- Oideolaíochtaí oiriúnacha éifeachtacha, le measúnú leanúnach, ag tacú leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama agus san am céanna, ag cothú cleachtas nuálach sa seomra ranga

**Aithint agus Tuairisciú**

- 'An bealach trína ndéantar foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire i ngach réimse den IB a dhearbhú agus a cheiliúradh. Soláthraíonn tuairisciú san IB pictiúr leathan thar gach ceann de na Gnéithe Scoláire.

**Machnamh agus Athnuachan**

- Tríd an gclár IB a athbhreithniú, a mheastóireacht agus a nuashonrú, ar bhealach leanúnach ionchuimsitheach, ceadaítear an clár IB is fearr a fhorbairt a oireann d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an scoláire.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch. 16)

# Gnéithe Curaclaim

| Comhpháirteanna | Teagasc agus Measúnú | Aithint agus Tuairisciú | Machnamh agus Athnuachan |
| --- | --- | --- | --- |
| Sraith Eispéireas Chothrom & Leathan | Cleachtas Oideolaíoch | Foghlaim agus Gnóthachtáil an Scoláire | Cumasaíonn Forbairt |

Bíonn neamhspleáchas ag scoileanna clár a dhearadh don IB atá oiriúnaithe do chultúr, féiniúlacht agus comhthéacs na scoile agus iad ar a ndícheall a bheith ag obair ar bhealaí comhoibríocha cruthaitheacha in éineacht le pobal na scoile'

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana Ich 16)


# Comhpháirteanna Curaclaim

Oide

| Gné Scoláire | Comhpháirteanna | Treoir maidir le suíomh na gcomhpháirteanna |
|---|---|---|
| | **Leanúnachas**<br>• Corpoideachas (CO)<br>• OSPS | Ba cheart an leithdháileadh ama do Chorpoideachas a ailíniú le Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí<br>Ba cheart OSPS a dhéanamh uair amháin in aghaidh na seachtaine, agus níor cheart go sárófar uair an chloig in aghaidh an ranga. |
| Pearsanta Fás | **An méid a bhaineann go sainiúil leis an IB**<br>Réimse eispéireas a chuireann le forbairt agus fás an scoláire | Déantar eagrúchán na gcomhpháirteanna sna seimeastair, sna bloic nó thar an mbliain trí chéile, a shocrú ag leibhéal scoile, lena n-áirítear soláthar eispéireas ailínithe le luachanna, éiteas agus tréadchúram na scoile. |
| | **Eispéiris bhreise le haghaidh fáis**<br>Mar shampla: aoichainteoirí, dámhachtainí forbartha le tacaíocht ón rialtas, ionduchtúchán, comórtais, imeachtaí don scoil uile, mar shampla drámaí, ceoldrámaí, laethanta margaidh, agus laethanta téamacha. | D'fhéadfaí freastal freisin ar scoláire a bheadh ag iarraidh tabhairt faoi eispéiris foghlama a sholáthraítear go seachtrach fad is go bhfuil sé laistigh de chomhthéacs chlár IB na scoile.<br>D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh roinnt eispéireas breise fáis aníos ach i rith na bliana agus sa chás sin, ní mór iad a chur in iúl don scoláire, múinteoirí agus tuismitheoirí chomh luath agus is féidir. |

# Corpoideachas agus OSPS i Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Oide




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 18)

**Gnéithe Curaclam**

**Corp Oideachas**

Ba cheart an leithdháileadh ama do Chorpoideachas a ailíniú le Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí

**80 nóiméad sa tseachtain.**

**Comhpháirteanna Curaclaim:**

**OSPS**

- Tá Micrea-mhodúl forbartha ag an gCNCM.
- Ba chóir go mbeadh sé ailínithe le fás pearsanta an scoláire
- Neamhspleáchas ag an scoil a modúil féin a dhearadh


**Rang sa tseachtain - níor cheart go sárófar uair an chloig in aghaidh an ranga.**

# Comhpháirteanna Curaclaim

A bheith i D'fhoghlaimeoir

| | |
|---|---|
| **Leanúnachas**<br>Tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire i réimsí na Matamaitice, an Bhéarla agus na Gaeilge. | Níor cheart gur mhó an leithdháileadh ama ranga do gach ceann de na hábhair sin ná dhá uair an chloig sa tseachtain. Is féidir le scoil tógáil ar an bhfoghlaim a bhaineann leis na hábhair sin trí chomhpháirteanna breise Idirbhliana nó i réimsí eile den fhoghlaim, laistigh de pharaiméadair Ráiteas an Chláir Idirbhliana. |
| **Comhpháirteanna Roghnacha**<br>Modúil a thacaíonn le, mar shampla, blaiseadh a fháil d'ábhair na sraithe sinsearaí agus réimsí eile na foghlama agus na forbartha. | Is ionann an leithdháileadh ama comhcheangailte le haghaidh na gcomhpháirteanna seo agus trí go ceithre uair an chloig sa tseachtain, ag brath ar chomhthéacs na scoile. |
| **Taithí foghlama bhreise**<br>Mar shampla: scileanna staidéir/ taighde, laethanta foghlama a bhfuil téama leo, scileanna saoil, tograí litearthachta agus uimhearthachta. | D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh roinnt eispéireas breise fáis aníos ach i rith na bliana agus sa chás sin, ní mór iad a chur in iúl don scoláire, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí chomh luath agus is féidir. |
| **Forbairt Punainne**<br>An scoláire a threorú agus chun tacú leis le cuspóir na punainne IB a bhaint amach, mar a dhéantar cur síos air sa Ghné Churaclaim: Aithint agus Tuairisciú. | Rang amháin in aghaidh na seachtaine. Is í príomhfheidhm na comhpháirte ná tacú leis an scoláire le punann IB ailínithe a fhorbairt i rith na bliana. Is féidir úsáid a bhaint as an gcomhpháirt, más féidir, chun cur le gnéithe eile den churaclam. |

# A bheith i do Fhoghlaimeoir i Ráiteas an Chláir Idirbhliana




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 18)

**Leanúnachas: Matamaitic, Béarla agus Gaeilge**.
Is féidir le scoil tógáil ar an bhfoghlaim a bhaineann leis na hábhair sin trí chomhpháirteanna breise Idirbhliana nó i réimsí eile den fhoghlaim, laistigh de pharaiméadair Ráiteas an Chláir Idirbhliana.
**Níor cheart níos mó ná 2 uair an chloig sa tseachtain do gach ábhar**

**Comhpháirteanna Roghnacha:**
Modúil a thacaíonn le, mar shampla, blaiseadh a fháil d'ábhair na sraithe Sinsearaí.
**3-4 uair a chloig sa tseachtain.**

**Forbairt Punainne**

An scoláire a threorú agus chun tacú leis le cuspóir na punainne IB a bhaint amach, mar a dhéantar cur síos air sa Ghné Churaclaim: Aithint agus Tuairisciú.

**Rang amháin sa tseachtain.**


# Comhpháirteanna Curaclaim

Oide

| Gné Scoláire | Comhpháirteanna | Treoir maidir le suíomh na gcomhpháirteanna |
|---|---|---|
| Sibhialta Agus Pobal Rannpháirtíocht | **Ár bpobal féin**<br>Gníomhaíochtaí for-rochtana áitiúla, socrúchán pobail, gníomhaíochtaí fiontar sóisialta, oideachas um ilchineálacht chultúrtha | Tarraingíonn na comhpháirteanna seo ó mhodúil a bhaineann go sainiúil leis an IB, ó shocrúcháin oibre agus pobail agus ó eispéiris bhreise. |
| | **Ár bpobal domhanda**<br>• Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe<br>• Gníomh bríoch, faoi threoir an scoláire, ar bhonn pearsanta nó ar bhonn comhoibríoch agus baint aige leis an maireachtáil inbhuanaithe. | Is féidir tacú leis na comhpháirteanna seo trí, mar shampla, modúl a bhaineann go sainiúil leis an IB a mbeadh baint aige leis an oideachas don fhorbairt inbhuanaithe nó d'eispéireas ábhartha eile an scoláire. |

Oide

# Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe i Ráiteas an Chláir Idirbhliana




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 19)

**Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe**

**Gníomh bríoch, faoi threoir an scoláire, ar bhonn pearsanta nó ar bhonn comhoibríoch agus baint aige leis an maireachtáil inbhuanaithe.**


Is féidir tacú leis na comhpháirteanna seo trí, mar shampla, modúl a bhaineann go sainiúil leis an IB a mbeadh baint aige leis an oideachas don fhorbairt inbhuanaithe nó d’eispéireas ábhartha eile an scoláire.

# Comhpháirteanna Curaclaim

Oide

| | | |
|---|---|---|
| Gairm Fiosrú | **Socrúchán Oibre**<br>**Socrúchán Pobail** | Cothromaíocht oiriúnach phraiticiúil de shocrúcháin obair-bhunaithe agus pobalbhunaithe.<br>Moltar leithdháileadh ama a bheadh coibhéiseach le dhá go ceithre seachtaine den chlár. |
| | **Gairmthreoir** | Rang amháin sa tseachtain nó ranganna a bheadh sceidealaithe chun díriú ar an bhfoghlaim a bhaineann le gairmeacha nó ar imeachtaí gairm-bhainteacha i gcaitheamh na bliana. |
| | **Eispéiris bhreise ghairm-bhainteacha**<br>Mar shampla: aoichainteoirí, blasmhodúil i bprintíseachtaí/cúrsaí oiliúna/ breisoideachas/ardoideachas, laethanta eolais, dámhachtainí forbartha le tacaíocht ón rialtas, gearrchúrsaí teistithe. | D'fhéadfadh sé nach soláthródh an scoil roinnt eispéireas breise a bhaineann le gairmeacha ach i rith na bliana agus sa chás sin, níor mhór iad a chur in iúl don scoláire, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí chomh luath agus is féidir. |

# Gairm Fiosrú i Ráiteas an Chláir Idirbhliana




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 19)

**Socrúchán Oibre Socrúchán Pobail:**
Cothromaíocht oiriúnach phraiticiúil de shocrúcháin obair-bhunaithe agus pobalbhunaithe.
Moltar leithdháileadh ama a bheadh coibhéiseach le dhá go ceithre seachtaine den chlár.

**Gairmthreoir:**
Rang amháin sa tseachtain nó ranganna a bheadh sceidealaithe chun díriú ar an bhfoghlaim a bhaineann le gairmeacha nó ar imeachtaí gairm-bhainteacha i gcaitheamh na bliana.

# Nualaíochtaí Curaclaim faoi Stiúir Mhúinteora

"Ar comhthábhacht i dtaca le héabhlóidiú rathúil an cháir, bheadh cultúr lena dtacófaí le agus lena gcothófaí nuálaíochtaí curaclaim faoi stiúir an mhúinteora laistigh den IB. Ar an gcaoi seo, is féidir le scoileanna acmhainneacht bhreise a fhorbairt, rud a d'fhágfadh go mbeadh réimse níos leithne de chomhpháirteanna ar fáil don scoláire agus go mbeifí, chomh maith, ag tacú le agus ag cur chun cinn foghlaim, cruthaitheacht agus comhoibriú gairmiúil inmheánach.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 19)

# Forléargas ar na Comhpháirteanna Teimpléad CNCM

Tá Tábla Forléargais na gComhpháirteanna thíos bunaithe ar Thábla 3 Cóiríocht do chomhpháirteanna i gcuraclam Idirbhliana i Ráiteas Cláir na hIdirbhliana.

## Tábla Forléargais ar na Comhpháirteanna

Struchtúr atá bunaithe ar Thábla 3 de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana athbhreithnithe 2024.
Is é an fheidhm atá ag colún na láimhe deise ná an chaoi a bhfuil ár gclár Idirbhliana ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana a léiriú.

| Gné Scoláire | Cineálacha Comhpháirteanna | Na comhpháirteanna inár scoil – an méid atá againn agus an méid atá uainn |
|---|---|---|
| Fás Pearsanta | **Leanúnachas**<br>• Corpoideachas atá ailínithe le Creat an Chorpoideachais (gan dul os cionn 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine)<br>• OSPS (uair in aghaidh na seachtaine) | |
| | **An méid a bhaineann go sainiúil leis an Idirbhliain**<br>Réimse modúl a chuireann eispéiris ar fáil d'fhorbairt agus d'fhás an scoláire. | |
| | **Eispéiris bhreise le haghaidh fáis**<br>Mar shampla: aoichainteoirí, dámhachtainí forbartha le tacaíocht ón rialtas, ionduchtúchán, comórtais, imeachtaí don scoil uile, mar shampla drámaí, ceoldrámaí, laethanta margaidh, agus laethanta téamacha. | |
| A bheith i D'fhoghlaimeoir | **Leanúnachas**<br>Tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire<br>(gan dul os cionn 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine le haghaidh Gaeilge, Béarla, Matamaitice) | |
| | **Comhpháirteanna Roghnacha**<br>Modúil a thacaíonn le sampláil agus le réimsí eile foghlama agus forbartha<br>(is ionann é seo agus trí go ceithre uair an chloig sa tseachtain, ag brath ar chomhthéacs na scoile) | |
| | **Eispéiris foghlama bhreise**<br>Mar shampla: scileanna staidéir agus taighde, laethanta foghlama a bhfuil téama leo, scileanna saoil, litearthacht-uimhearthacht | |
| | **Forbairt Punainne** | |

# Forléargas ar na Comhpháirteanna Teimpléad CNCM

Oide

Tá Tábla Forléargais na gComhpháirteanna thíos bunaithe ar Thábla 3 Cóiríocht do chomhpháirteanna i gcuraclam Idirbhliana i Ráiteas Cláir na hIdirbhliana.

## Tábla Forléargais ar na Comhpháirteanna

Struchtúr atá bunaithe ar Thábla 3 de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana athbhreithnithe 2024.
Is é an fheidhm atá ag colún na láimhe deise ná an chaoi a bhfuil ár gclár Idirbhliana ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana a léiriú.

| Gné Scoláire | Cineálacha Comhpháirteanna | Na comhpháirteanna inár scoil – an méid atá againn agus an méid atá uainn |
|---|---|---|
| **Fás Pearsanta** | **Leanúnachas**<br>• Corpoideachas atá ailínithe le Creat an Chorpoideachais (gan dul os cionn 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine)<br>• OSPS (uair in aghaidh na seachtaine) | Corpoideachas agus Gníomhaíochtaí – 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine<br>**OSPS – is gá rang amháin in aghaidh na seachtaine a chur ar an amchlár** |
| | **An méid a bhaineann go sainiúil leis an Idirbhliain**<br>Réimse modúl a chuireann eispéiris ar fáil d'fhorbairt agus d'fhás an scoláire. | Oiliúint agus tástáil MOS, gradaim Idirbhliana<br>Mionchuideachta agus fiontraíocht, Lá Margaidh<br>Ceardlanna Sochmhothúchánacha |
| | **Eispéiris bhreise le haghaidh fáis**<br>Mar shampla: aoichainteoirí, dámhachtainí forbartha le tacaíocht ón rialtas, ionduchtúchán, comórtais, imeachtaí don scoil uile, mar shampla drámaí, ceoldrámaí, laethanta margaidh, agus laethanta téamacha. | **D'fhéadfaí feasacht ar chomhbhá faoi leith a chur ar fáil in ionad na gceann reatha**<br>Áirítear leis an gclár ionduchtaithe dhá lá i bPáirc na Carraige chun dlúthchaidreamh a chothú<br>Ceoldráma na hIdirbhliana – rang amháin in aghaidh na seachtaine; Seó i mí Feabhra<br>Comórtais scannánaíochta / Gaisce / Garchabhair |
| **A bheith i D'fhoghlaimeoir** | **Leanúnachas**<br>Tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire<br>(gan dul os cionn 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine le haghaidh Gaeilge, Béarla, Matamaitice) | Béarla, Mata – 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine<br>**Gaeilge – is gá seo a laghdú: 3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine atá ann faoi láthair** |
| | **Comhpháirteanna Roghnacha**<br>Modúil a thacaíonn le sampláil agus le réimsí eile foghlama agus forbartha<br>(is ionann é seo agus trí go ceithre uair an chloig sa tseachtain, ag brath ar chomhthéacs na scoile) | Reiligiún – 1 uair an chloig in aghaidh na seachtaine<br>Blaiseadh a fháil d'fhormhór ábhair na sraithe sinsearaí ar sealaíocht seimeastair 10 seachtaine – Nuatheangacha Iasachta (Labhairt, Léitheoireacht, Cultúr), Eolaíocht (Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht), Gnó (Cuntasaíocht, Eacnamaíocht, Gnó), Teicneolaíocht (Ríomheolaíocht, Grafaic Dheartha agus Chumarsáide, Innealtóireacht/Foirgníocht) |
| | **Eispéiris foghlama bhreise**<br>Mar shampla: scileanna staidéir agus taighde, laethanta foghlama a bhfuil téama leo, scileanna saoil, litearthacht-uimhearthacht | Is féidir leis na scoláirí roghnú ó thrí réimse éagsúla staidéir (Drámaíocht, Scileanna Dearaidh, Códú)<br>**Scileanna Taighde** / Cothromaíocht saoil a bhainistiú / Scileanna staidéir/ Draíocht na Scannán |
| | **Forbairt Punainne**<br>An phunann Idirbhliana a chruthú, féinmheasúnú, pleanáil scoláire. Rang amháin in aghaidh na seachtaine. | **Faoi láthair déantar seo trí rang scileanna digiteacha, dialanna taithí oibre agus machnaimh an scoláire. An dá rang seo le tabhairt le chéile sa rang FP.** |

# Gnéithe Curaclaim: Comhpháirteanna

Déan cur síos ar ghné amháin de chomhpháirteanna na hIdirbhliana atá ag oibriú go maith i do scoil faoi láthair

**Comhghleacaithe Scoile**




**Grúpa**




**Mórghrúpa**






lch 8

# Gnéithe Curaclaim: Teagasc agus Measúnú




'Tugann an IB an deis do mhúinteoirí le bheith nuálach i dtaca le deiseanna leathana ardchaighdeáin teagaisc agus measúnaithe a cheapadh agus a chur ar fáil chun tacú le foghlaim an scoláire

Is amhlaidh, dá réir, gur gnéithe riachtanacha de chlár éifeachtach IB iad an cleachtas gairmiúil comhchoiteann ar fud na IB, in éineacht le cur chuige comhordaithe i leith an mheasúnaithe'.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 20 )

# Gnéithe Curaclaim: Teagasc agus Measúnú

Oide


**Comhghleacaithe Scoile**



Cleachtais Chomhchoiteanna Flippity

https://tinyurl.com/IB2024CC

Cad is comhchleachtas ann agus cén chuma a bhíonn ar chomhchleachtas éifeachtach i do Chlár Idirbhliana?


Oide

Athmhachnamh agus Athnuachan:


An Idirbhliain a Ghlacadh Chugainn Féin

Dialann Mhachnamhach 2024-2025

lch 9

# Gnéithe Curaclaim: Aithint agus Tuairisciú

An bealach trína ndéantar foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire i ngach réimse den IB a dhearbhú agus a cheiliúradh. Soláthraíonn tuairisciú san IB pictiúr leathan thar gach ceann de na Gnéithe Scoláire.




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 23)

0 response submitted

## Cad iad na bealaí trína ndéantar foghlaim agus gnóthachtáil na scoláirí a dhearbhú agus a cheiliúradh i do Chlár Idirbhliana reatha?



**Waiting for response...**

Responses will be displayed as a word cloud

Wordcloud | All responses

1 of 1

Oide

# Intinní Foghlama an tSeisiúin

**Machnamh ar an gcaoi ar féidir le gnéithe curaclaim tacú le heispéiris fhiúntacha foghlaimeoirí.**

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Athmhachnamh agus Athnuachan

**Cad?**

- Cad atá idir lámha san Idirbhliain, i do scoil, a léiríonn réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana?

**Cén tionchar?**

- Cad atá le hathrú nó forbairt chun Ráiteas an Chláir Idirbhliana a athailíniú?


**Anois cad?**

- Cén ghníomhaíochtaí atá le déanamh ag dul ar aghaidh?

Rolfe, Freshwater, & Jasper ‘What’ Model (2001)

**Comhghleacaithe Scoile**






Lch 11

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Iniúchadh ar Ghnéithe Scoláire

## Seisiún a Trí

CC BY NC

# Intinní Foghlama an tSeisiúin



**Fiosracht, cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh tuilleadh inár gClár Idirbhliana agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le gnéithe an scoláire tacú le forbairt na scoláirí san Idirbhliain.**

# Forléargas an tSeisiúin

Intreoir do na Gnéithe Scoláire

Smaoinigh ar na heispéiris d'fhoghlaimeoirí a thairgtear do do scoláirí IB.


Eispéiris foghlaimeoirí a mhapáil le Gnéithe an Scoláire.

Machnamh a dhéanamh ar ailíniú idir Clár na hIdirbhliana reata agus na Gnéithe Scoláire.

# Ráiteas an Chláir Idirbhliana

**Gnéithe Scoláire**

- Fás Pearsanta
- A bheith i do fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme





**Gnéithe Curaclaim:**

- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan

# Gnéithe Scoláire

Oide




**Fás Pearsanta**

- Tagann an scoláire in aibíocht ar bhonn sóisialta agus mothúchánach i gcaitheamh na bliana, ag forbairt i réimsí lena n-áirítear sláinte agus folláine, neamhspleáchas, féiniúlacht, comhbhá agus ceannasaíocht.

**A bheith i d'fhoghlaimeoir**

- Agus é ag tógáil ar na heispéiris a bhí aige go dtí seo, tosaíonn an scoláire ar a fhorbairt mar scoláire de chuid na sraithe sinsearaí, ag glacadh leis na deiseanna agus na straitéisí foghlama is fearr a oibríonn don scoláire anois, agus amach anseo.

Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

- Déanann an scoláire difríocht dhearfach ina scoil, ina phobal agus sa tsochaí. Foghlaimíonn sé an dóigh le bheith ag gníomhú de réir a chuid freagrachtaí agus a chearta mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda a fheidhmiú ar bhealaí eiticiúla inbhuanaithe.

**Taighde Gairme**

- Déanann an scoláire taighde ar chonairí todhchaí ar bhealach treoraithe comhordaithe, ag fáil taithí phearsanta ar láthair oibre agus ag forbairt inniúlachtaí a bhaineann leis an ngairm.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, Ich 11)

Oide

# Gnéithe Scoláire

| Fás Pearsanta | A bheith i d'Fhoghlaimeoir | Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail | Taighde Gairme |
|---|---|---|---|
| na táscairí forbartha | na táscairí forbartha | na táscairí forbartha | na táscairí forbartha |
| na heispéiris scoláire | na heispéiris scoláire | na heispéiris scoláire | na heispéiris scoláire |

'Is iad na ceithre Ghné Scoláire na príomhbhunchlocha ar a ndéantar cláir IB a dhearadh. Déantar cur síos ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san IB agus na heispéiris a bhféadfaí tacú leis an bhforbairt seo.' (CNCM, lch 11)



# Gnéithe Scoláire




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana 2024, lch.12)

Gné Scoláire:

## Fás Pearsanta

Tagann an scoláire in aibíocht ar bhonn sóisialta agus mothúchánach i gcaitheamh na bliana, ag forbairt i réimsí lena n-áirítear sláinte agus folláine, neamhspleáchas, féiniúlacht, comhbhá agus ceannasaíocht.

### Táscairí forbartha

- An scoláire a bheith ag éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine.
- Cúram níos fearr a dhéanamh dá shláinte agus folláine féin agus de shláinte agus folláine daoine eile.
- Spriocanna a shocrú le haghaidh forbairt phearsanta agus gnóthachtáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Acmhainn níos mó chun aincheisteanna eiticiúla … luachanna pearsanta.
- An chaoi le cinntí níos eolasaí a dhéanamh.
- A bheith ag cloí níos faide le tascanna, go háirith…
- A bheith ag tosú a bhreathnú ar dhúshláin mar d…
- A bheith ag oiriúnú níos fearr do ghrúpaí agus d…
- A bheith ag idirghníomhú le daoine eile ar bheal… líne araon.
- A bheith ag glacadh úinéireachta níos minice ar …
- Níos mó treallúis agus ceannasaíochta a léiriú ar…

### Eispéiris scoláire

- Tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach.
- Taisc agus tionscadail aonair, lena mbainfeadh scileanna digiteacha agus neamh-digiteacha chun féinléiriú a chumasú.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá fhás pearsanta.
- Oideachas agus treoir i dtaobh forbairt phearsanta agus mhothúchánach agus feasacht shóisialta.
- Gníomhaíochtaí agus eispéiris ag cur na sláinte fisicí agus mothúchánaí ar feadh an tsaoil chun cinn.
- Deiseanna le haghaidh machnamh faoi threoir agus athbhreithniú ar spriocanna pearsanta.
- Deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa rang, os comhair an phobail agus in agallaimh.
- Aitheantas d'fhás pearsanta agus do dhúshláin phearsanta i ngach gné de shaol na scoile i gcaitheamh na bliana.

# An Idirbhliain Eispéiris Scoláire


Machnamh:

Déan machnamh ar na heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil do scoláirí na hIdirbhliana i do scoil.










# Gnéithe Scoláire



Cén chaoi a ndéanfaimid nasc idir coincheap an spástaistil agus Clár na hIdirbhliana in ár scoil?

## Gnéithe Scoláire

- ➢Táscairí Forbartha
- ➢Eispéiris Scoláire



Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Gné Scoláire:

Fás Pearsanta

Tagann an scoláire in aibíocht ar bhonn s
i gcaitheamh na bliana, ag forbairt i réims
folláine, neamhspleáchas, féiniúlacht, co

Táscairí forbartha

- An scoláire a bheith ag éirí níos cinnte agus níos muin
- Cúram níos fearr a dhéanamh dá shláinte agus folláine f
- Spriocanna a shocrú le haghaidh forbairt phearsanta a dhéanamh orthu.
- Acmhainn níos mó chun aincheisteanna eiticiúla a ionr

Eispéiris scoláire

- Tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach.
- Taisc agus tionscadail aonair, lena mbainfeadh scileanna digiteacha agus neamh-digiteacha ch féinléiriú a chumasú.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá fhás pearsanta.
- Oideachas agus treoir i dtaobh forbairt phearsanta agus mhothúchánach agus feasacht shóisi
- Gníomhaíochtaí agus eispéiris ag cur na sláinte fisicí agus mothúchánaí ar feadh an tsaoil chu
- Deiseanna le haghaidh machnamh faoi threoir agus athbhreithniú ar spriocanna pearsanta.
- Deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa os comhair an phobail agus in agallaimh.
- Aitheantas d'fhás pearsanta agus do dhúshláin phearsanta i ngach gné de shaol na scoile i gcaitheamh na bliana.



# Gnéithe Scoláire

Oide

| Fás Pearsanta | A bheith i do Fhoghlaimeoir | Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail | Taighde Gairme |
|---|---|---|---|
| Díospóireacht: Cad iad na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheadh ag turasóireacht spástaisteal? | Obair a dhéanamh ar aistir idirghníomhacha an Ghrianchórais agus amharcóirí 3-T an ghrianchórais ag baint úsáid as spéaclaí VR. | Seachtain na hEolaíochta: Cruthaigh cur I láthair idirghníomhach agus tabhair cuireadh do ghrúpaí pobail/ bunscoileanna páirt a ghlacadh ann. | Téigh i dteagmháil le réadlann sa cheantar– eagraigh turas nó aoichainteoir |





# Gnéithe Scoláire

Oide

## Fás Pearsanta

**Táscaire Forbartha:**

'…Acmhainn níos mó chun saincheisteanna eiticiúla a ionramháil'

**Eispéiris Scoláire**

'…Deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh'

## A bheith i do fhoghlaimeoir

**Táscaire Forbartha**

A bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha,

**Eispéiris Scoláire**

Éagsúlacht d'oideolaíochtaí

## Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

**Táscaire Forbartha**

Tuiscint níos fearr a bheith aige ar …pobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda'

**Eispéiris Scoláire**

'…gníomh bríoch le haghaidh domhan níos inbhuanaithe'

## Taighde Gairme

**Táscaire Forbartha'**


…ag cur lena fheasacht ar shuimeanna pearsanta, inniúlachtaí, luachana agus meonta.'


**Eispéiris Scoláire**


'Aoichainteoirí ó éagsúlacht de chúlraí agus de ghairmeacha'



# Gnéithe Scoláire Gníomh Mapála




P. 12

# Gnéithe Scoláire
# Eispéireas an Fhoghlaimeora

- Scríobh cuntas gearr ar eispéireas foghlama a ofrálann tú do scoláirí na hidirbhliana sa chéad cholún den teimpléid

- Roghnaigh táscaire forbartha amháin ar a laghad agus eispéireas scoláire amháin  ó gach ceann de na gnéithe scoláire a gceapann tú is fearr a dhéanann ailíniú idir eispéireas an fhoghlaimeora a roghnaigh tú agus Ráiteas an Chláir Idirbhliana nua.



# Gnéithe Scoláire
# Eispéireas an Fhoghlaimeora

Oide



- Roinn
  - ➢ Roinn d'eispéireas leis an ngrúpa
- Comhoibriú
  - ➢ Tabhair moltaí do dheiseanna fiúntacha eile






# Gnéithe Scoláire:
# Eispéireas an Fhoghlaimeora

Oide



- Fág an t-eispéireas foghlama a roghnaigh tú ar an mbord.
- Bog timpeall an tseomra agus breathnaigh ar dhearthaí eile
- Mol bealaí le cur leis na heispéiris scoláire



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gnéithe Scoláire
# Gníomhaíocht Aiseolais

Oide

Déan machnamh ar feadh nóiméid ar na heispéiris foghlama a ghlac tú páirt iontu inniu.

Roghnaigh rud amháin a 'CHEANNÓFA' anois agus rud amháin a 'SHÁBHALFA' don todhchaí

# Forleargas ar Chomhpháirteanna

## CNCM Teimpléad

### Fás Pearsanta: Machnamh a dhéanamh ar Eispéiris an Scoláire


1. Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:
   - An bhfuil comhpháirt ábhartha ann?
   - cé na rudaí atá ag feidhmiú go maith agus cé na rudaí nach bhfuil ag éirí chomh maith sin leo

**Fás Pearsanta**
Eispéiris an Scoláire

2. Cuimhneamh chun tosaigh ar chlár Idirbhliana athnuaite
   - cén chaoi chun cur le rathúlacht
   - foghlaim ó laigí a thagann chun cinn ón machnamh

| | | |
|---|---|---|
| Éirionn go maith leis an gComórtas Eolaíochta (Scifest), Mionchuideachta, Ceoldráma IB agus bíonn leibhéil arda rannpháirtíochta i gceist leo | Tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach. | Leanúint le taisc foirne a chur chun cinn i measc múinteoirí |
| B'fhéidir nach bhfuil go leor deiseanna le tógáil ar na ceardlanna Sochmhothúchánacha agus dialanna taithí oibre | Taisc agus tionscadail aonair, lena mbainfeadh scileanna digiteacha agus neamh-dhigiteacha chun féinléiriú a chumasú. | Níos mó machnamh scoláire (rang Forbartha Punainne) agus ionchur ón scoláire sa seomra ranga a spreagadh |
| Níl aon phunann sa chlár faoi láthair | Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead ar a fhás pearsanta. | Ár gcuid uirlisí digiteacha reatha a úsáid le tús a chur leis an bpunann IB a leabú thar an gclár IB – socrú spriocanna, machnamh ar tháscairí forbartha, … |
| Éirionn go maith leis na ceardlanna sochmhothúchánacha agus le forbairt an chreidimh ach b'fhéidir go bhfuil easpa deiseanna iontu do thionscnamh nó do cheannaireacht sa phobal áitiúil | Oideachas agus treoir i dtaobh forbairt phearsanta agus mhothúchánach agus feasacht shóisialta. | Féach ar an gcaoi ar féidir OSPS a chomhtháthú go hiomlán as seo go ceann dhá bhliain |
| Corpoideachas/Gníomhaíochtaí gach seachtain, éirionn go maith le Ceardlanna Sochmhothúchánacha | Gníomhaíochtaí agus eispéiris ag cur na sláinte fisicí agus mothúchánaí ar feadh an tsaoil chun cinn. | Leanúint leis na heispéiris seo |
| Gan aon deis réamhshocraithe san amchlár - | Deiseanna le haghaidh machnamh faoi threoir agus athbhreithniú ar spriocanna pearsanta. | An rang Forbartha Punainne le cur san áireamh san amchlár – socrú spriocanna, machnamh ar tháscairí forbartha … |
| Cuid den chleachtas seomra ranga, oíche gradaim IB, agallamh scoláire, comórtais an fhiontraí shóisialta, mionchuideachta | Deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa rang, os comhair an phobail agus in agallaimh. | Leanúint leis; b'fhéidir go bhféadfadh scoláirí IB níos mó cainte a dhéanamh ag oícheanta eolais nó le scoláirí na sraithe sóisearaí |
| Tuairisc scoile, ceoldráma IB, an oíche gradaim IB agus agallamh an scoláire – léirítear an fás atá tagtha ar na scoláirí; b'fhéidir go bhféadfaí dul i ngleic lena síleann na scoláirí a bheith deacair ar leibhéal pearsanta. | Aitheantas d'fhás pearsanta agus do dhúshláin phearsanta i ngach gné de shaol na scoile i gcaitheamh na bliana. | B'fhéidir go bhféadfadh na machnaimh punainne béim a leagan ar an gcaoi a bhforbraíonn an scoláire le dúshláin a fheiceáil mar dheiseanna breise don fhás |


2




# Athmhachnamh agus Athnuachan

## Comhghleacaithe Scoile






- Cad atá idir lámha san Idirbhliain, i do scoil, a léiríonn réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana?
- Cad atá le hathrú nó forbairt chun Ráiteas an Chláir Idirbhliana a athailíniú?
- Cén ghníomhaíochtaí atá le déanamh ag dul ar aghaidh?




Lch 14

Rolfe, Freshwater, & Jasper 'What' Model (2001)


# Intinní Foghlama an tSeisiúin

**Fiosracht, cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh tuilleadh inár gClár Idirbhliana agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le gnéithe an scoláire tacú le forbairt na scoláirí san Idirbhliain.**


Oide

# Breithnithe Deiridh

Cad iad na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag eascairt ó gach seisiún?




Rolfe, Freshwater, & Jasper 'What' Model (2001)




lch 15

# 'Oide Transition Year' ar X

Oide

**Lean**
**Oide Transition Year**

@Oide_TY

**Cláraigh do Liosta Seachadta Iar-bhunscoile na hIdirbhliana chun an nuacht is déanaí a fháil**

https://bit.ly/3SOnIkA



Oide

# Míle buíochas

transitionyear@oide.ie www.oide.ie @oide_Ireland

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers